# SEASAMH (AE) Uimh. 2/2011 ÓN gCOMHAIRLE AR AN gCÉAD LÉAMH

## chun go nglacfaí Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1905/2006 lena mbunaítear ionstraim maoinithe le haghaidh comhair um fhorbairt

**Arna ghlacadh ag an gComhairle an 10 Nollaig 2010**

(2011/C 7 E/02)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 209(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([1]),

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Ionas go mbeadh cúnamh seachtrach ón gComhphobail níos éifeachtaí agus níos trédhearcaí bunaíodh creat nua in 2006 le haghaidh cúnamh a phleanáil agus a sholáthar. Is cuid den chreat sin Rialachán (CE) Uimh. 1085/2006 ón gComhairle an 17 Iúil 2006 lena mbunaítear Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA) ([2]), Rialachán (CE) Uimh. 1638/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2006 lena leagtar síos forálacha ginearálta ag bunú Ionstraime Eorpaí um Chomharsanacht agus um Chomhpháirtíocht ([3]), Rialachán (CE) Uimh. 1934/2006 ón gComhairle an 21 Nollaig 2006 lena mbunaítear Ionstraim Maoinithe le haghaidh Comhair le Tíortha Tionsclaithe agus le Críocha Tionsclaithe agus le Tíortha Ardioncaim agus Críocha Ardioncaim Eile ([4]), Rialachán (CE) Uimh. 1717/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2006 lena mbunaítear Ionstraim le haghaidh Cobhsaíochta ([5]), Rialachán (Euratom) Uimh. 300/2007 ón gComhairle an 19 Feabhra 2007 lena mbunaítear Ionstraim um Chomhar i Réimse na Sábháilteachta Núicléiche ([6]), Rialachán (CE) Uimh. 1889/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear Ionstraim Maoinithe chun an Daonlathas agus Cearta Daonna a chur chun cinn ar fud an Domhain ([7]) agus Rialachán (CE) Uimh. 1905/2006 ([8]).

(2) Le linn Rialachán (CE) Uimh. 1905/2006 a chur chun feidhme, tháinig neamhréireachtaí chun cinn maidir le heisceachtaí ón bprionsabal ar da réir nach bhfuil costais a bhaineann le cánacha, dleachtanna ná muirir eile cáilithe do mhaoiniú Aontais. Dá bhrí sin, beartaítear na forálacha ábhartha den Rialachán sin a leasú chun é a ailíniú leis na hionstraimí eile.

(3) Ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir atá á shaothrú a bhaint amach, i gcomhréir le hAirteagal 5(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 1905/2006 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1905/2006 leis seo mar a leanas: Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 25(2):

"2. Ní úsáidfear cúnamh Aontais, i bprionsabal, chun cánacha, dleachtanna ná muirir a íoc i dtíortha tairbhíocha.";

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 21 Deireadh Fómhair 2010 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus seasamh ón gComhairle ag an gcéad léamh an 10 Nollaig 2010. Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an … (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil)
([2]) IO L 210, 31.7.2006, lch. 82.
([3]) IO L 310, 9.11.2006, lch. 1.
([4]) IO L 405, 30.12.2006, lch. 41.
([5]) IO L 327, 15.11.2006, lch. 1.
([6]) IO L 81, 22.3.2007, lch. 1.
([7]) IO L 386, 29.12.2006, lch. 1.
([8]) IO L 378 27.12.2006, p. 41.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/sa …

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*
…

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
…

# RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE

## I. RÉAMHRÁ

An 21 Aibreán 2009, ghlac an Coimisiún an togra ón gCoimisiún [1] lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1905/2006 lena mbunaítear ionstraim maoinithe le haghaidh comhair um fhorbairt agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1889/2006 maidir le hionstraim maoinithe a bhunú chun an daonlathas agus cearta an duine a chur chun cinn ar fud an domhain.

Ghlac Parlaimint na hEorpa a tuairim ar an gcéad léamh an 21 Deireadh Fómhair 2010.

Ghlac an Chomhairle a tuairim ar an gcéad léamh an 10 Nollaig 2010

## II. CUSPÓIR

Tá an Ionstraim le haghaidh Comhair um Fhorbairt (ICF) ar cheann den dá ionstraim maoinithe atá ag an AE don ghníomhaíocht sheachtrach nach bhforáiltear leo d'eisceacht ar an bprionsabal nach bhfuil costais a bhaineann le cánacha, dleachtanna ná muirir eile cáilithe do mhaoiniú ón Aontas. Is í an ionstraim chun an daonlathas agus cearta an duine a chur chun cinn ar fud an domhain (IEDCD) an ceann eile de na hionstraimí sin.

Leis na hionstraimí AE eile go léir atá ann don ghníomhaíocht sheachtrach, leagtar síos nach féidir, *i bprionsabal*, tacaíocht ón AE a úsáid chun na costais sin a chumhdach, rud a chiallaíonn gur féidir solúbthacht áirithe a bheith ann, i gcás inarb iomchuí, ag brath ar an gcás, ar mhaithe le cláir agus tionscadail a chur chun feidhme mar is ceart.

Is é atá mar chuspóir ag an togra ón gCoimisiún an fhoráil ábhartha den ionstraim seo a chur ar aon dul leis na hionstraimí eile, trí na focail 'i bprionsabal' a chur isteach in Airteagal 25(2) den Rialachán.

## III. ANAILÍS AR SHEASAMH NA COMHAIRLE AR AN gCÉAD LÉAMH

Ní raibh a dhath riamh deacrachta ag an gComhairle leis an aon athrú amháin a mhol an Coimisiún a dhéanamh sa chéad togra a thíolaic sé d'fhonn forálacha ábhartha a chomhchuibhiú sna hionstraimí airgeadais atá ann cheana.

Ar mhaithe le grinneas agus ar mhaithe le cruinneas, ghlac an Chomhairle freisin leis na trí leasú a ghlac Parlaimint na hEorpa, a bhí cineál teicniúil mar leasuithe. D'aontaigh an Chomhairle, go háirithe, go ndéanfaí an chéad togra a roinnt ina dhá chuid le go léireofaí go raibh dhá ionstraim éagsúla i gceist, an ICF agus an IEDCD.

Ach níor fhéad an Chomhairle glacadh leis na leasuithe sin a ghlac Parlaimint na hEorpa lena ndéantar cur i bhfeidhm nós imeachta na ngníomhartha arna dtarmligean (Airteagal 290 CFAE) a thabhairt isteach le haghaidh ghlacadh na gclár ilbhliantúil comhair agus na bpáipéar straitéise. Feictear don Chomhairle nach gníomhartha iad na cláir ilbhliantúla comhair a bhfuil feidhm ghinearálta leo a fhorlíonann nó a leasaíonn an gníomh bunaidh, ó tharla nach gníomhartha iad atá ceangailteach ó thaobh dlí. Is gníomhartha cur chun feidhme iad de réir bhrí Airteagal 291 CFAE.

## IV. CONCLÚID

Cé nach raibh aon deacracht ag an gComhairle leis an togra ón gCoimisiún, ach mura raibh féin, ghlac sí le roinnt de na leasuithe a bhí glactha ag Parlaimint na hEorpa.

Measann an Chomhairle gur comhréiteach cothrom atá ina seasamh ar an gcéad léamh agus d'iarrfadh sí ar an bParlaimint glacadh leis an téacs sin d'fhonn éirim agus cuspóir an chéad togra a choimeád, i.e. an comhchuibheas a áirithiú idir na hionstraimí maoinithe atá ag an AE don ghníomhaíocht sheachtrach agus an beagán den tsolúbthacht atá riachtanach a cheadú i gcur chun feidhme na n-ionstraimí sin.

---

[1] IO …